V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11040 — PGGM / DIF / EQT / SAUR)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 70/07)

1. An 16 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PGGM Vermogensbeheer B.V. ("PGGM", an Ísiltír),

— DIF Management B.V. ("DIF", an Ísiltír),

— EQT Fund Management S.à r.l. ("EFMS", Lucsamburg),

— Saur S.A.S. agus a fhochuideachtaí ("Saur Group", an Fhrainc).

Gheobhaidh PGGM, DIF agus EQT comhrialú ar Saur Group ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainistíonn PGGM na pinsin le haghaidh cistí pinsin éagsúla, na bhfostóirí cleamhnaithe agus a gcuid fostaithe,

— Is cuideachta bainistíochta ciste é DIF a bhfuil fócas aige ar infheistíochtaí bonneagair san earnáil fuinnimh (aistriú fuinnimh), giniúint fuinnimh in-athnuaite agus earnálacha bonneagair eacnamaíoch eile san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil,

— Is bainisteoir ciste infheistíochta é EFMS, ar EQT Infrastructure III agus ar EQT Infrastructure IV, dhá chiste infheistíochta phríobháideacha atá mar chuid de ghrúpa cistí infheistíochta EQT,

— Tá Saur Group gníomhach den chuid is mó i mbainistíocht uisce agus fuíolluisce, sa Fhrainc den chuid is mó, agus déanann sé bonneagar uisce chomh maith le córais chóireála uisce do thionscail a dhearadh agus a thógáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11040 — PGGM / DIF / EQT / SAUR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.